

Taighde ar ról agus ar an méid a chuireann cláir fostaíochta le soláthar seirbhíse an SFS

Tuarascáil a d'ullmhaigh Tom Martin & Associates/TMA

Achoimre fheidhmeach agus moltaí

Cúlra

Choimisiúnaigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) staidéar ar ról agus ar an méid a chuireann Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta le soláthar seirbhíse laistigh den líonra de Sheirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh. D'fhostaigh an SFS Tom Martin & Associates/TMA, comhairleoirí bainistíochta, chun tabhairt faoin staidéar ar cuireadh tús leis go luath in 2013.

Bhunaigh Muintir na Tíre an chéad dá Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh i dTiobraid Árann agus i gCeatharlach go déanach sna 1960idí. Sna blianta ina dhiaidh sin, bunaíodh Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh (IFSanna) ar fud na tíre, agus eagraíodh iad seo, ina dhiaidh sin, ina Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFSanna) a chumhdaigh réigiúin shonracha tíreolaíochta.

Comhlachtaí neamhspleácha deonacha iad SFSanna a bunaíodh mar chuideachtaí atá teoranta ag ráthaíocht. Soláthraíonn a IFSanna seirbhísí um fhaisnéis do shaoránaigh don phobal ar bhonn bualadh isteach ó 253 láthair ar fud na tíre, ina bhfuil 104 ionad agus 149 seirbhís for-rochtana in institiúidí cónaithe, ospidéal, príosúin, agus láithreacha iargúlta.

Inniu, gníomhaíonn daichead a dó Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh mar 'chomhpháirtithe soláthair sheirbhíse' don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, comhlacht reachtúil a chistíonn an líonra deonach SFSanna agus a sholáthraíonn treoir agus oiliúint straitéiseach agus treoir straitéiseach maidir le bainistíocht. In 2012, chabhraigh an líonra SFS le breis agus 629,000 duine a thug cuairt orthu agus a chur nach mór milliún ceist faoina mbráid. Chun na seirbhísí seo a sholáthar, úsáideann na

SFSanna meascán d'fhoireann bhuan, oibrithe deonacha agus rannpháirtithe ó Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta (STFanna).

Cuspóirí staidéir

Ba iad an dá phríomhcheist a ndeachthas i ngleic leo sa taighde:

1. Na tosca reatha déimeagrafacha agus sóisialta a chur san áireamh, cén ról a d'fhéadfadh Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta a chomhlíonadh maidir le seirbhís ghairmiúil SFS a choimeád agus a fhorbairt agus cad ba mhó a d'oir do na cláir seo le samhail soláthair sheirbhíse an SFS amach anseo agus na trí shnáithe éagsúla seirbhíse á geur san áireamh – faisnéis, comhairle/cúnamh agus abhcóideacht?
2. Cad ar chuir an tsamhail SFS de rannpháirtíocht le Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta leis an gclár socrúcháin oibre agus gníomhachtaithe fostaíochta?

Modheolaíocht

Bhí líon cur chuige i dtaca le bailiú sonraí i gclár oibre na gcomhairleoirí:

- Athbhreithniú litríochta;
- Taighde allamuigh;
 - Comhairliúchán le Cathaoirligh, Bainisteoirí Forbartha agus Rannpháirtithe na Scéime Fostaíochta san earnáil SFS;
 - Suirbhé ar Bhainisteoirí Forbartha agus ar Rannpháirtithe na Scéime Fostaíochta atá bunaithe ar cheistneoir;
 - Comhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha eile.

I gcaitheamh an staidéir, d'fhreastail na comhairligh ar líon cruinnithe le coiste stiúrtha a bunaíodh chun maoirsiú a dhéanamh ar an staidéar, Bhí feidhmeannaigh ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ó Bainisteoirí Forbartha ó na Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh i measc bhallraíocht an choiste stiúrtha.

Comhthéacs

Faoi mar a thugtar faoi deara thuas, is éard atá i soláthar foirne Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh ná fostaithe buana, oibrithe deonacha agus Rannpháirtithe na Scéime Fostaíochta (RSFanna). Mar gheall ar an ngéarchéim gheilleagrach, bhí ar an Rialtas srianta a leagan ar fhoireann nua bhuan a fhostú sna SFSanna; bhí an chuma air go raibh na srianta seo dhá oiread ní ba ghéarchúisí, nuair a chuirtear san áireamh go raibh ualach oibre an SFS ag dul i méid mar gheall ar an déine fhioscach. Is é an toradh ná go bhfuil anois brath an-trom ar oibrithe deonacha agus ar RSFanna, arb ionann iad, i

dteannta a chéile, agus 55% de líon iomlán foirne an SFS i dtaobh coibhéis lánaimseartha.

Is éard atá i dtromlach mór (thart ar 80%) de chohórt na RSFanna ná rannpháirtithe Fostaíochta Pobail (FP), agus leathnaítear an fuilleach idir Tús, Dreasacht Poist, an Scéim Shóisialta Tuaithe agus scéimeanna JobBridge. Cruthaíonn na scéimeanna seo cuid de Bheartais Mhargadh Gníomhach Saothair na hÉireann (BMGS) agus tá siad in ainm is tacú le daoine dífhostaithe filleadh ar obair, oiliúint nó an t-oidreachas.

Ag brath ar an scéim ar leith fostaíochta agus ar chúinsí pearsanta, d'fhéadfaí socrúchán RSF a shíneadh ag eagraíocht chistithe na scéime go mairfidh sé idir dhá agus cúig bliana. Cruthaíonn an fad sínte seo líon buntáistí don SFS, lena n-áirítear leanúnachas pearsanra agus an deis chun oiliúint chuimsitheach chreidiúnaithe a sholáthar chun na scileanna a thabhairt do RSFanna do chroíphost Soláthróir Faisnéise an SFS.

Rinne roinnt athbhreithnithe beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta BMGSanna a cháineadh, áfach, mar gheall go raibh siad go mór mhór, neamhéifeachtach agus gur chuir siad acmhainní amú. Agus an cáineadh seo á aithint, d'fhoilsigh an Roinn Coimisce Sóisialaí (RCS) — a ghlac leis an bhfreagracht as gach BMGS le linn na tréimhse 2010-2012 — a *nAthbhreithniú ar Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta* ('Review of Employment Support Schemes') féin go luath in 2013, mar aon le *Páipéar Saincheisteanna Ardleibhéil* comhghabhálach. Agus plé á dhéanamh ar riarachán agus ar choinníollacha teidlíochta na scéimeanna ar leith, thug an tAthbhreithniú breac-chuntas ar thograí suntasacha, lena n-áirítear:

- Gur cheart fad na rannpháirtíochta d'iontrálaithe nua chuig Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta a theorannú do bhliain amháin, i gcás rannpháirtithe i measc daoine dífhostaithe agus tuismitheoirí aonair;
- Ina measc siúd atá teoranta go ginearálta do bhliain amháin, ba cheart go mbeadh rogha ann, faoi láthair don dara bliain má táthar ag glacadh páirte i bhfoghlaim a n-eascaíonn cáilíocht as ag deireadh na tréimhse 2 bhliain.

Tá impleachtaí tromchúiseacha ag togra na Roinne chun fad na Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta d'iontrálaithe nua a theorannú do bhliain amháin don earnáil SFS. Is éard a bheidh mar thoradh air ná go gcaithfear breis ama le bainistíocht SFS ag plé le hearcaíocht RSFanna agus go gcuirfear isteach níos mó ar leanúnachas foirne.

Ach, níos tábhachtaí ná sin, tá impleachtaí níos tromchúisí ag an togra do cháilíocht na hoiliúna is féidir le SFSanna a sholáthar do RSFanna vis-à-vis príomhról Soláthróir Faisnéise (léiríonn sonraí an BFS go dtugann 57% de na RSFanna faoi ról an tSoláthróra Faisnéise faoi láthair i SFSanna). In Aibreán 2013, sheola an BFS clár nua, nuashonraithe oiliúna 2 bhliain ag a bhfuil creidiúnú FETAC don phríomhról seo. Dearbhaíodh go raibh Bliain 1 éigeantach do gach earcaí nua Soláthróir Faisnéise, agus go bhfágfaí oiliúint Bhliain 2 a sholáthar, a chuimsíonn scileanna abhcóideachta agus ardscoilcú cumarsáide, faoi lánrogha na SFSanna. Sa chomhthéacs seo, is éard a bheadh i gceist le togra an RCS chun faid scéim fostaíochta a theorannú do bhliain amháin:

- Ní bheidh sé indéanta bliain 2 den chlár nua oiliúna a sholáthar do RSFanna —

cuireann seo srian orthu ó na scileanna ardleibhéal soláthair faisnéise/abhcóideachta seo a fháil, mar aon leis an dámhachtain iomlán Leibhéal 6 FETAC a fháil a chuirfeadh a n-ionchais um dhul chun cinn ar aghaidh; agus cuireann sé srian ar cháilíocht na seirbhíse ar féidir le RSFanna a bheith ag súil lena sholáthar dá RSFanna;

- Sa chás nach roghnaíonn SFSanna chun bliain 1 den chlár oiliúna a sholáthar do RSFanna, ní bheidh dóthain ama ag na RSFanna chun na scileanna a foghlaimíodh a chleachtadh agus a chomhdhlúthú a theastaíonn, agus, dá bharr, ní thabhoíd na RSFanna ach aisíocaíocht teoranta.

Tá ceist na dara bliana roghnaí i gceist chomh maith, ar an scéim fostaíochta a sholáthraíonn an RCS do RSFanna a chláraíonn do chúrsa oiliúna 2 bhliain. D'fhéadfadh go mbeadh seo mar shocrú níos tairbhiúla do roinnt SFSanna, ach bíonn na hargóintí céanna gann-chomhdhlúthaithe agus aisíocaíochta teoranta i gceist go fóill. B'ideálaí a mhairfeadh an scéim trí bliana, ar mhaithe le leas an RSF agus an SFS.

Príomhchonclúidí ó thorthaí an taighde

Sásamh leis an rannpháirtíocht i Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta (STFanna) na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Is mórchonclúid ó na torthaí taighde (ó na comhairliúcháin agus ó na suirbhéanna ar líne) an sásamh aonchiallach a léiríonn na príomhpháirtithe leasmhara (bainistíocht an SFS agus na RSFanna) leis an rannpháirtíocht.

Oiriúint mhaithe idir spriocanna SFSanna agus Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta

Tá cás 'bua ag gach taobh' i gceist: baineann na RSFanna tairbhe ón taithí oibre agus ón oiliúint, agus baineann na SFSanna sochar ón méadú a thagann ar a líonta foirne.

Tá méadú ag teacht ar bhrath an SFS ar Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta

Cuireadh fáilte roimh an meascán de chohóirt íochta, oibríthe deonacha agus RSF mar shamhail dhaingean soláthair foirne SFS, a chuireann réimse fairsing de chúlraí agus de pheirspictíochtaí ar fáil. Tá an bhraistint seo ag teacht chun cinn i measc páirtithe leasmhara, áfach, go bhfuil cúrsaí éagothrom – is ionann anois oibríthe deonacha agus RSFanna agus 55% den fhoireann choibhíse lánaimseartha. Tá brath neamh-inmharthana ag eascairt as seo.

Éiginnteacht mar gheall ar athruithe ar Bheartais an Mhargaidh Ghníomhaigh Shaothair

Bhraith na taighdeoirí go raibh braistint méadaitheach de neamhchompord i measc na bainistíochta SFS ag eascairt ón tsraith de cháineadh an bheartais ghníomhachtaithe agus an dá athbhreithniú Roinne a rinneadh le déanaí ar Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta. Chuir an deireadh a cuireadh leis an íocaíocht dhúbailte agus leis an gciorrú ar 'an mbuiséad ábhar agus oiliúna' FP dúshláin don bhainistíocht i dtaobh RSFanna a

earcú. Ábhar breise díspreagtha, anuas air sin, a bhí sa teorannú beartaithe a chur ar fhaid scéime do bhliain amháin agus socrúchán a thabhairt isteach ag atreorú.

Déchineál Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta

Léiríonn cáineadh an ‘ráta neamhshásúil um dhul chun cinn’ an teannas ag croí na Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta mar gheall ar a ‘ndémhisean’. Forbraíodh i dtosach báire iad mar bhearta fritimthriallacha chun fostaíocht shealadach a sholáthar in earnáil an phobail agus san earnáil dheonach; tháinig forbairt orthu, go comhuaineach, mar bhealach chun príomhsheirbhísí a sholáthar do phobail faoi bhuntáiste. Agus gnáthamh oibre á sholáthar do dhaoine atá difhostaithe go fadtéarmach, mar gheall ar an gcaighdeán íseal taithí oibre agus oiliúna a bhí le sonrú in go leor de na seirbhísí pobail seo, b’fhíor-ghnách nach raibh siad éifeachtach maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an mhargaidh shaothair phríomhshrutha. Ach, i gcás fhostaíocht SSFanna an SFS, dheimhnigh an taighde go mbaineann na scéimeanna scór an-ard amach i dtaobh na seirbhíse a sholáthraíonn siad don phobal áitiúil agus na ndeiseanna um dhul chun cinn a sholáthraíonn siad do RSFanna.

Dul chun Cinn Rannpháirtithe na Scéime Fostaíochta SFS

Tá na torthaí um dhul chun cinn le cúig bliana anuas, a tuairiscigh SFSanna ina n-ábhar spreagthach, agus bhain 138 RSF poist fostaíochta íoctha amach le cúig bliana anuas. Má mheastar, ar an meán, go bhfanann 200 RSF sa SFS ar feadh tréimhse 2 bhliain, beidh 500 RSF tar éis an earnáil SFS a fhágáil i gcaitheamh na 5 bliana. Is ionann an ráta um dhul chun cinn i dtreo fostaíocht íoctha agus 138/500 nó 28%. Agus aird ar an gcúlra den chúlú geilleagrach, is éacht inmholta é seo agus dhéanfaí fostaíocht an SFS a aicmiú i measc na bhfeidhmíochtaí b’fhearr SSF dá bharr.

Rannpháirtithe na Scéime a Rianú tar éis dóibh SFSanna a fhágáil

Saincheist ríthábhachtach atá á déanamh den easpa de ‘rianú’ foirmiúil ar RSFanna a fhágann an scéim, agus aird ar an mbéim mhéadaitheach atá á leagan ag an RCS ar dhul chun cinn, agus is léir gur gné í seo nach mór don BFS/SFS dul i ngleic léi.

Oiliúint a chur ar Rannpháirtithe na Scéime Fostaíochta

Léiríonn an taighde seo go n-aithníonn foireann an SFS agus RSFanna araon ardcháilíocht na hoiliúna a sholáthraítear do RSFanna – oiliúint atá creidiúnaithe ag FETAC agus seachtrach araon. Caitear leis seo mar mhéadú suntasach ar cháilíocht seirbhíse SFS agus ar ionchais um dhul chun cinn RSF. Má choisctear fad na scéime, áfach, déantar codán an-suntasach d’fhanacht fhoriomlán an RSF den am a chaitear ar oiliúint, agus spreagfadh seo an cheist: “An Soláthróir Faisnéise sinn nó an Eagraíocht Oiliúna sinn?”

Abhcóideacht

Is gnách go n-aithníonn Bainisteoirí Forbartha go dteastaíonn níos mó ionchuir abhcóideachta ó chrioscaíolaí ó fhoireann an SFS ón strus atá ar chúinsí pearsanta cliant de bharr na déine geilleagraí. Is í an cheist cibé acu an dtugann nó nach dtugann fad teoranta scéime dóthain ama chun oiliúint a chur ar RSFanna agus seo an áit a dtagann deighilt idir tuairimí. D’fhéadfadh an timpeallacht éiginnteachta a cruthaíodh timpeall ar

chiorrú féideartha fhaid na scéime anuas go dtí bliain amháin nó dhá bhliain míniú a thabhairt ar an drogall atá ar an oiread sin BFanna chun glacadh le oiliúint bhliain 2 den CFCA do RSFanna.

Eagraíochtaí Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta a Urrú

Is í an smaointeoireacht is déanaí de chuid na Roinne gur féidir leis a bheith níos éifeachtaí agus éifeachtúla má dhéanann ‘príomhurrattheoir speisialú in earnáil amháin, bíodh sin Cúram Leanaí, Soláthar Faisnéise, nó pé earnáil. Ligeann seo don urraitheoir chun saineolas a fhorbairt san oiliúint agus i ndul chun cinn. I gcás SFSanna, d’fhéadfadh dhá chontae máguaird nó ní ba mhó a chomhaontaíonn go ngníomhaíonn SFS amháin mar urraitheoir don ghrúpa, coincheap ‘an príomhurrattheora’ a oibríochtú.

For-Rochtain agus Cuimsiú Sóisialta

Chuir an cúlú geilleagrach leis an líon grúpaí leochaileacha cliant agus déanann seo acmhainní foirne SFSanna a dhianshaothrú. Dheimhnigh an taighde go bhfuil cumhdach fíor-luachmhar á sholáthar ag RSFanna in SFSanna ionas gur féidir an ‘chroifhoireann’ a scaoileadh chun seirbhísí for-rochtana a sholáthar do na grúpaí imeallaithe seo.

Moltaí

1. Príomh-mholadh:

Ba cheart go n-aithneodh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an ról méadaitheach atá ag Rannpháirtithe na Scéime Fostaíochta (RSFanna) ina straitéis soláthair seirbhíse trí thús a chur le córas tiomanta forbhreathnaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar a n-earcaíocht, oiliúint, a rannpháirtíocht i SFSanna, agus a ndul chun cinn faoi dheoidh.

2. Coinne a bheith leis go ndéanfaidh an RCS athruithe beartais ar Scéimeanna Tacaíochta Fostaíochta

Rochtain líonra SFS amach anseo ar RSFanna a chinntiú ag an tráth sreabhach seo i dteacht chun cinn Bheartais Ghníomhacha Mhargadh Saothair na hÉireann (BGMSann), ba cheart go gcinnteodh an BFS go bhfuil siad ar an eolas faoi chinnteoireacht faoi mhionathruithe ar a bpunann STFanna, ar nós comhdhlúthú scéime, sínte ar fhaid scéime chun oiliúint ardchaighdeáin chreidiúnaithe a éascú, agus smaointeoireacht nua a éascú ar urraíocht na scéime. Príomhfhóram amháin ina leith seo is ea Coiste Comhairleach na Scéime Fostaíochta, a bunaíodh go déanach in 2012 chun comhairle a chur ar an Aire Coimirce Sóisialaí.

Cuirimid i gcás sampla amháin – ba cheart go ndéanfaidh an BFS monatóireacht dhlúth ar thionscadal píolótach cúram leanaí FP dhá bhliain atá á chur i bhfeidhm faoi láthair in dhá réigiún de chuid an RCS. Ábhar spéise san ábhar seo is ea triail a bhaint as socrúchán FP trí bliana, ina gcaitear dhá bhliain ag tabhairt faoi fhoghlaim fhoirmiúil (dámhachtain leibhéal 5 FETAC) agus bliain amháin de thaithí oibre, agus a chuireann coincheap an

‘phríomhurrattheora’ san áireamh. Meastar go dtabharfar an pharaidím FP seo isteach go córasach i ngach ceann de na naoi snáithe earnála FP. Ba cheart don BFS coinne a bheith acu le himeachtaí ar ardcháilíocht a bhfaisnéise faoina Soláthróir Faisnéise agus faoi oiliúint Abhcóideachta agus eagraíochtaí eile soláthair faisnéise a bhailiú chucu féin mar chomhghuailithe chun mais chriticiúil a chruthú sa snáithe Comhairle agus Faisnéise.

3. Tionscnamh píolótach rianúcháin a chur i bhfeidhm chun dul chun cinn a thomhas

Mar chuid dá bhfeachtas chun socrúcháin faid shínte RSF a fháil, ba cheart don BFS/SFSanna tionscadal píolótach rianúcháin a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach a chuirfeadh ar a gcumas fianaise fhoirmiúil a sholáthar i leith rátaí um dhul chun cinn ó SFSanna. Ba cheart dóibh glacadh leis an moladh maidir le hAthbhreithniú Airgeadais FP an RCS chun iar-mheasúnú a dhéanamh ar rannpháirtithe ar feadh 4 mhí tar éis dóibh an scéim a chríochnú. Ba cheart dóibh imscrúdú a dhéanamh, chomh maith, ar an gcás is déanaí maidir le córas rianúcháin Tús a choimisiúnaigh an RCS agus féachaint an bhféadfaí feidhm a bhaint as aon gheilleagair nó éifeachtúlachtaí.

4. A chinntiú go n-áirítear le hoiliúint scileanna daingne an mhargaidh ghinearálta chun dul chun cinn a fheabhsú

Agus aird ar an easpa folúntais phoist bhuna soláthair faisnéise atá ar na bacáin go gairid amach anseo san earnáil phoiblí agus in earnáil an phobail agus san earnáil dheonach, ba cheart don BFS tacú leis an gclár gníomhachaithe trí iniúchadh a dhéanamh ar a geláir oiliúna lena chinntiú go ndéanann iad seo bonn daingean de scileanna bunúsacha soláthair faisnéise a chorprú ar féidir iad a chur i bhfeidhm i measc réimse fairsing d’earnálacha seirbhíse – níl sa turasóireacht agus in ionaid ghlaonna ach dhá shampla d’earnálacha buacacha sa mhargadh níos fairsinge saothair, áit a gcuirfeadh scileanna cineálacha soláthair faisnéise, ar nós caidreamh le custaiméirí agus aisghabháil sonraí ar chumas iarchéimithe RSF chun tairiscintí fostaíochta a mhealladh.

5. Scileanna in-aistrithe RSFanna a chur chun cinn sa tionscal áitiúil príobháideach

Ceann amháin de na ‘cúig shnáithe’ i mBealaí chun Oibre ná fostóirí a dhreasú chun breis post a sholáthar do dhaoine atá dífhostaithe. Thug seo beartas leibhéal náisiúnta le fios, ach féadfaidh seirbhísí fostaíochta áitiúla RCS, anuas ar SFSanna, glacadh le RSFanna a spreagadh trí ‘scileanna in-aistrithe’ RSFanna a thaispeáint don tionscal áitiúil príobháideach.

6. Feabhas a chur ar sholáthar scileanna cuardaigh poist do RSFanna

Gné eile san iarracht chun feabhas a chur ar rátaí um dhul chun cinn ó SFSanna is ea an tacaíocht a tugadh do RSFanna do ghníomhaíochtaí cuardaigh poist le linn a socrúcháin. D’iarr freagróirí RSF ar an suirbhé ar líne ar ‘chúrsa oiliúint scoir’ (d’fhéadfaí seo a

sholáthar ar leibhéal réigiúnach). I dteannta na n-ábhar caighdeánach, ar nós ullmhú CV agus scileanna agallaimh, ba cheart go ndíreodh an oiliúint seo ar chabhrú le RSFanna chun na tacair scileanna a ‘chomhdhlúthú agus a mhargú’ atá foghlamtha acu trí imirt ról agus teicnící eile foghlama idirghníomhaí a úsáid.

7. Tionscnamh píolótach urraíochta a chur i bhfeidhm

Ba cheart don BFS clár faisnéise faoi urraíocht a sheoladh trí chuireadh a thabhairt don dá BFS urraithe chun cur i láthair neamhfhoirmiúil a dhéanamh dá gcás-staidéir urraíochta don líonra BFS agus chun tuairimí agus ceisteanna ó na SFSanna eile a iarraidh. Mura dtagann aon bhaic dhosháraithe chun solais le linn na tréimhse comhairliúcháin seo, ba cheart don BFS leanúint ar aghaidh agus tionscadal píolótach urraíochta STF a bhunú ina mbeadh ról urraithe á chomhlíonadh ag SFS amháin nó níos mó chun freastal ar gach SFS ar leibhéal réigiúnach nó fo-réigiúnach. D’fhéadfadh SFSanna an Longfoirt agus Luimnigh (arb urraitheoirí FP cheana féin iad) gníomhú mar chomhairligh luachmhara don tionscadal píolótach. Is éard a bheadh sa sprioc ná a dheimhniú an bhfuil nó nach bhfuil an tsamhail sin indéanta agus éifeachtúil i dtaobh acmhainní de.

8. Feidhm a bhaint as éifeachtúlachtaí grúpa

Ba cheart don líonra SFS staidéar a dhéanamh ar shampla ‘Líonra Bhaile Átha Cliath’ (tá 16 SFS lonnaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus sna contaetha máguaird) ina ndéantar acmhainní oiliúna a chomhthiomsú d’ionductú RSF, agus a fhiosrú cé acu an féidir nó nach féidir an tsamhail seo a aithris i réigiúnacha eile nó i ngníomhaíochtaí coiteanna SFS eile.

9. Fís na samhla idéalacha le haghaidh rannpháirtíocht SFS-STF

Scéim Fostaíochta Pobail trí bliana is ea an tsamhail idéalach do rannpháirtíocht SFS-STF a chuireann ar chumas RSFanna a bhfuil de rún acu oibriú mar Sholáthróirí Faisnéise an cúrsa IAAP dhá bhliain a chríochnú agus an tríú bliain a úsáid chun pé rud atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis na SFSanna agus a gcliaint.

Bheadh an féilire IAAP ar aon dul le sceideal earcaíochta RSFanna d’fhonn an t-aistriú ar an gcúrsa a bhrostú agus an ‘tréimhse aisíochta’ a uasmhéadú nuair a chuireann siad i bhfeidhm gach ar fhoghlaim siad.

Chláródh comhaltaí an líonra SFS chun gníomhú mar ‘phríomhurratitheoirí’ de chuid tionscadail réigiúnacha nó fo-réigiúnacha scéim fostaíochta atá tiomanta go sonrach do shocrúcháin soláthair faisnéise.

Cheadódh an tsamhail idéalach rannpháirtíochta SFS-STF do SFSanna chun an scéim tacaíochta fostaíochta a roghnú is mó a chomhlíonann riachtanais an phoist. Ní theastaíonn an oiliúint chuimsitheach ó roinnt post laistigh de SFS, e.g. rúnaithe, le haghaidh ról soláthróir faisnéise, agus d’fhéadfadh SFS bheith rannpháirteach i Scéim Tacaíochta Fostaíochta d’fhad níos giorra. Bhainfeadh na RSFanna a oibríonn sna ról

seo tairbhe, fós féin, as an timpeallacht shár-mhaith oibre laistigh de SFSanna agus as an deis chun a scileanna idirphlé phoiblí a fhorbairt. Go hidéalach, d'fhéadfaí fáil a bheith acu ar chonair a fhad leis an scéim thiomanta FP do RSFanna ar mian leo tabhairt faoi oiliúint mar sholáthróirí faisnéise.